



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2020

STAIR – ARDLEIBHÉAL

RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

An scrúdú scríofa: 400 marc

AM: 2 uair 50 nóiméad

Treoracha d'iarrthóirí:

Tabhair faoi na Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Topaící 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá thopaic.

- **Roinn 3 (100 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaící 1, 2, 3, 4, 5.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6
Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:

Lyndon Johnson agus Vítneam, 1963-1968

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, conas a bhí intinn an Uachtaráin gafa?
(b) Cén clúdach ar Chogadh Vítneam sna meáin atá luaite i ndoiciméad A?
(c) I ndoiciméad B, cén tionchar a bhí ag Vítneam ar an gClár Bochtaineachta?
(d) De réir dhoiciméad B, cad iad na nithe nach réiteodh fadhbanna na ngeiteonna?
(20)
2. (a) An dtacaíonn an dá dhoiciméad leis an tuairim go raibh Cogadh Vítneam mar namhaid ag na bochtáin? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(b) Cé chomh mór agus a léiríonn an dá dhoiciméad go bhféadfadh Cogadh Vítneam damáiste a dhéanamh do chlú idirnáisiúnta Mheiriceá? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don dá dhoiciméad.
(20)
3. (a) I bhfianaise dhoiciméad A, an féidir leat a fheiceáil cén fáth ar measadh gur bhreithneoir éifeachtach ar ghnéithe áirithe de shaol Mheiriceá sna 1960idí é an Seanadóir William Fulbright? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don doiciméad.
(b) An dóigh leat gur foinse oibiachtúil í foinse B? Tabhair fáthanna le do fhreagra, agus tagairt agat don doiciméad.
(20)
4. Conas a chuaigh rannpháirtíocht na Stát Aontaithe i Vítneam i gcion ar uachtaránacht Lyndon Johnson?
(40)

- Doiciméad A -

Sa sliocht coimrithe seo (ó 1967) déanann an Seanadóir William Fulbright polasaithe an Uachtaráin Lyndon Johnson a bhreithniú.

Deir oifigigh an rialtais linn go bhfuilimid in acmhainn costais Vítneam agus leasuithe na Sochaí Móire a sheasamh. Ní thaispeánann siad dúinn conas is féidir le hUachtarán, agus a intinn gafa le misin bhuamála os cionn Vítneam Thuaidh agus Theas, ceannaireacht láidir sheasmhach a thabhairt i dtaca le hathnuachan ar ár gcathracha. Ní thaispeánann siad dúinn conas is féidir le Teach na Comhdhála, a bhfuil costais chogaidh agus cruinnithe faisnéise éigeandála ag luí go trom orthu, freastal ar fhadhbanna sóisialta. Ná ní insíonn siad dúinn conas is féidir le pobal atá inmíoch mearaithe, á dtuargaint ag tuairiscí faoin gcogadh sna nuachtáin agus ar an teilifís, tacaíocht a thabhairt do thionscadail áitiúla frithbhochtaineachta agus do chláir náisiúnta don athnuachan uirbeach, don fhostaíocht agus don oideachas.

Faoi láthair, tá déistin ar mhórán den domhan leis na nithe ar cosúil go seasann Meiriceá dóibh. Tá íomhá an fhoréigin á léiriú againn inár ngnóthaí eachtracha agus inár saol baile. Thar lear, táimid sáite i gcogadh fíochmhar gan rath in aghaidh daoine bochta i dtír bheag iargúlta. Sa bhaile, de bharr faillí den chuid is mó, tá léirsithe foréigneacha in aghaidh éagóir shóisialta ag pléascadh amach inár gcathracha. Tá Meiriceá, ar mheas an domhan é a bheith mar shamhail den daonlathas agus den cheartas sóisialta roinnt bheag blianta ó shin, anois mar shamhail den fhoréigean agus den chumhacht gan smacht.

Foinse: Peter B. Levy (eag.), *America in the Sixties: Right, Left and Center* (Westport, Connecticut, 1998).

- Doiciméad B -

Sa sliocht coimrithe seo (ó 1967 freisin) cuireann Martin Luther King in aghaidh Chogadh Vítneam go poiblí.

Roinnt blianta ó shin, ba chosúil go raibh fíordhóchas ann do dhaoine bochta, idir ghorm agus gheal, tríd an gClár Bochtaineachta [cuid den tSochaí Mhór]. Ansin thosaigh an treisiú i Vítneam agus chonaic mé an Clár ag titim as a chéile. Bhí a fhios agam nach gcuirfeadh Meiriceá na cistí riachtanacha ar fáil chun cabhrú leis na bochtáin fad agus a leanfadh Vítneam de bheith ag tarraingt as na hacmhainní. Mar sin, tháinig mé ar an tuairim go raibh an cogadh mar namhaid ag na bochtáin. Bhí líon an-mhór dá gclann mhac á sheoladh chun cogaidh agus chun báis i gcomparáid leis an gcuid eile den phobal. Bhí fir óga ghorma á seoladh 8,000 míle ó bhaile againn chun saoirse a dhearbhu in Oirdheisceart na hÁise, saoirse nach raibh ar fáil dóibh ina dtír féin.

Tá na geiteonna siúlta agam le trí shamhradh anuas. Tá na fir óga ghorma feicthe agam, iad feargach agus dífhostaithe. Dúirt mé leo nach réiteodh buamaí agus raidhfíil a gcuid fadhbanna. Ach d'fhiafraigh siadsan díom: céard faoi Vítneam? Nach raibh feidhm á baint ag ár dtír féin as mórchuid foréigin chun na hathruithe a bhí uaithe a chur i gcrích? Chuaigh a gcuid ceisteanna i bhfeidhm orm. Agus bhí a fhios agam nach bhféadfainn, go deo arís, labhairt in aghaidh fhoréigean na ndaoine a bhí faoi chois sna geiteonna gan aghaidh a thabhairt ar dtús ar an bhfoinse foréigin is mó ar domhan sa lá atá inniu ann – mo rialtas féin.

Foinse: <https://kinginstitute.stanford.edu/king-papers/documents/beyond-vietnam>

ROINN 2: ÉIRE

Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.

Éire: Topaic 1

Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1815-1870, cén tábhacht a bhain le Cogadh na nDeachúna agus/nó Leasuithe Liobrálacha? (100)
2. An aontófá go raibh gnéithe polaitiúla agus creidimh araon ag baint leis an bhfeachtas ar son Fhuascailt na gCaitliceach, 1823-1829? Áitigh do chás, agus tagairt agat don dá ghné. (100)
3. Cad a chuir Charles Trevelyan agus/nó Asenath Nicholson le gnóthaí na hÉireann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1870, cad a chuir beirt díobh seo a leanas le forbairt na féiniúlachta cultúrtha agus creidimh in Éirinn: Tomás Dáibhis; William Carleton; an Cairdinéal Paul Cullen? (100)

Éire: Topaic 2

Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí iarrachtaí Parnell chun leasú ar chóras na talún agus Rialtas Dúchais a bhaint amach? (100)
2. Ón staidéar atá déanta agat ar an stair shóisialta agus eacnamaíochta, 1870-1914, cén tábhacht a bhain le dhá cheann díobh seo a leanas: tionsclú Bhéal Feirste; leasuithe oideachais; gluaiseacht na gcomharchumann? (100)
3. Cad iad na rudaí a bhain an ghluaiseacht Aontachtach amach, 1886-1914? (100)
4. Cad a chuir dhá cheann díobh seo a leanas le gníomhaíocht chultúrtha agus pholaitiúil na tréimhse 1870-1914: CLG; Conradh na Gaeilge; W.B. Yeats? (100)

Éire: Topaic 3

Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1912-1921, cad iad na hiarrachtaí a rinneadh féinrialtas a bhaint amach d'Éirinn, agus cé chomh maith agus a d'éirigh leo? (100)
2. Le linn na tréimhse 1923-1945, cé chomh héifeachtach agus a chuaigh rialtais na hÉireann i ngleic leis na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí rompu? (100)
3. Cad iad na bealaí inar éirigh le hÉamon de Valera agus ar theip air mar cheannaire polaitiúil? (100)
4. Cad iad na hiarrachtaí a rinneadh, Thuaidh agus Theas, féiniúlacht chultúrtha a chur chun cinn? Tagair do cheann amháin nó níos mó acu seo: teanga; creideamh; oideachas. (100)

Éire: Topaic 4
Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair ceann **amháin** de na ceistanna seo a leanas:

1. Cad iad na dálaí a bhí le brath ag Éireannaigh a chuaigh ar imirce chuig an mBreatain le linn na tréimhse 1840-1920 agus/nó 1920-1966? (100)
2. Cé chomh maith agus a d'éirigh le de Valera a chuid aidhmeanna a bhaint amach i Meiriceá (Meitheamh, 1919 - Nollaig, 1920)? (100)
3. Cad iad na rudaí a chuir Misean Aithreacha an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir i gcrích, 1945-1966? (100)
4. Conas a léiríonn na gairmréimeanna a bhí ag beirt díobh seo a leanas an t-eispéireas Gael-Mheiriceánach: Boss Croker; Maureen O'Hara; Paul O'Dwyer? (100)

Éire: Topaic 5
An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993

Freagair ceann **amháin** de na ceistanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1949-1969, cé chomh héifeachtach agus a d'fhreagair rialtais Thuaisceart Éireann do na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí rompu? (100)
2. Cad a bhí i gComhaontú Sunningdale agus cén fáth ar thit an Feidhmeannas Comhroinnte Cumhachta, 1973-1974, as a chéile? (100)
3. Cad a chuir Ian Paisley le gnóthaí Thuaisceart Éireann? (100)
4. Le linn do chuid staidéir ar Thuaisceart Éireann, 1949-1993, cad a d'fhoghlaim tú faoi Seamus Heaney agus/nó faoi fhreagairtí cultúrtha do na "Trioblóidí"? (100)

Éire: Topaic 6
An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989

Freagair ceann **amháin** de na ceistanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1949-1959, cé chomh héifeachtach agus a bhí rialtais na hÉireann maidir le dul i ngleic leis na dúshláin a bhí rompu? (100)
2. Cad iad na láidreachtaí agus na laigí a bhain le Seán Lemass mar cheannaire polaitiúil? (100)
3. Conas a d'fhorbair an caidreamh Angla-Éireannach le linn na tréimhse 1949-1989? (100)
4. Cén tionchar a bhí ag RTÉ nó ballraíocht i CEE ar shochaí na hÉireann? (100)

ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1 **An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannaireacht Metternich ar an bpolaitíocht idirnáisiúnta, 1815-1848? (100)
2. Cén fhís a bhí ag beirt díobh seo a leanas maidir leis an tsochaí: Feargus O'Connor; Karl Marx; Mikhail Bakunin? (100)
3. Cad a chuir Baron Haussmann agus/nó Victor Hugo le gnóthaí na Fraince? (100)
4. Cad iad na forbairtí a tharla sa náisiúnachas cultúrtha (ceol, ealaín agus litríocht) nó san eolaíocht (leictreachas, bitheolaíocht agus teicneolaíocht)? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2 **Náisiúntáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna a raibh polasaí cabhlaigh Wilhelm II mar chúis leo? (100)
2. Conas a d'fhorbair earnáil na tionsclaíochta (an gluaisteán san áireamh) san Eoraip, 1871-1914? (100)
3. Cad a d'fhoghlaim tú faoi litríocht an Chéad Chogadh Domhanda agus/nó faoi léiriú na féiniúlachta náisiúnta tríd an litríocht agus trí na healaíona, 1871-1914? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le beirt díobh seo a leanas: Rosa Luxemburg; Marie Curie; Woodrow Wilson? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3 **Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cé acu ba mhó a raibh fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta aici le linn na tréimhse idirchogaidh, an Bhreatain nó an Ghearmáin? Áitigh do chás, agus tagairt agat don dá thír. (100)
2. Cad iad na príomhthréithe a bhain le riail Stalin sa Rúis? (100)
3. Le linn na tréimhse 1920-1945, conas a chuaigh an frith-Sheimíteachas agus an tUileloscadh i gcion ar an Eoraip? (100)
4. Ó do chuid staidéir ar an Dara Cogadh Domhanda, cad a d'fhoghlaim tú faoi dhá cheann díobh seo: comhaontais le linn cogaidh; an Fronta Baile; réisim Vichy na Fraince? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4
Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1945-1992, cé chomh mór agus a rialaigh an Rúis Shóivéadach Oirthear na hEorpa? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí ceannaireacht Margaret Thatcher i ngnóthaí intíre agus eachtracha? (100)
3. Ón staidéar atá déanta agat ar larthar na hEorpa, 1945-1992, cad a d'fhoghlaim tú faoin bpósadh, faoin teaghlach agus faoin athrú ar ról na mban, agus/nó faoi thionchar Dhara Comhairle na Vatacáine? (100)
4. Cén tionchar sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag dhá cheann díobh seo a leanas: Cúnamh Marshall; Géarchéim na hOla, 1973; an ríomhaire go dtí 1992? (100)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5
Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh aistarraingt na Breataine i gcion ar an India agus/nó ar an bPalaistín? (100)
2. Cén fhreagairt idirnáisiúnta a spreag Géarchéim Shuais, 1956, agus/nó dealú Katanga, 1960-1965? (100)
3. Cad iad na tionchair shóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag astarraingt tíortha Eorpacha ó impireachtaí ar iarchoilíneachtaí san Afraic? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1990, cad iad na dúshláin a bhain le fás an chreidimh Ioslamaigh san Eoraip? (100)

Leathanach Bán